# Gaelscoil Mhic Amhlaigh

Lána an Mhuilleora, Cnoc na Cathrach, Gallimh

Fón: 091-590152

## NUACHTLITIR DEIREADH NA BLIANA

A Cháirde 19ú Meitheamh 2025

### ***Ceoltóirí na Scoile/School Choir***

Comghairdeas mór leis na ceoltóirí iontacha ó Rang 4,5,6 a bhí ag seinm ag ócáidí scoile le déanaí. Bhí scoth an cheoil le cloisteáil ag an gcóineartú (9 Aibreán) an Chéad Chomaoineach (2ú Bealtaine) agus ag an oíche eolais do thuistí Naíonáin bheaga na bliana seo chugainn (15ú Bealtaine). Tá na ceoltóirí tar éis go leor cleachtadh a dhéanamh tar éis am scoile gach Déardaoin agus i rith an lae scoile chomh maith, is mór an feabhas agus an snas atá tagtha orainn ar fad ó thús na bliana! Míle buíochas do choiste ceoil na scoile, sin iad na múinteoirí éagsúla a chleachtaigh agus a sheinm leis na daltaí I rith na bliana, Siobhán, Eliosia, Ann Marie, Laoise, Barbara, Ornaith, Bláthnaid, Tighearnán agus Fiachra.



### **Seachtain Gníomhach**

Tá Seachtain Gníomhach ar siúl an tseachtain seo an 16ú Meitheamh. Tháinig coiste tuismitheoirí le chéile chun imeachtaí difriúla a eagrú dona ranganna ar fad. Bhí ar a laghad dhá imeacht difriúl ar siúl ag gach rang agus tá ard mholadh ag dul don choiste as an obair seo. Buíochas mór dona tuismitheoirí agus comhlachtaí eagsúla atá ag cuir a gcuid ama ar fáil an tseachtain seo ar son na bpáistí agus do mhúinteoir Aonghus as ucht é a chó-ordnú.

*Our Active Schools Week is taking place this week 16th of June. A group of parents have come together to organise a range of activities for each class this week. Trojan work has gone into this week and the committee deserve huge credit. Each class will have at least two different activities ranging from disco's to golf. A huge thanks to all the parents and companies who have given their time during this week for the kids. A special thanks to Aonghus for co-ordinating the events with the parents.*

## Bí Cineálta

Beidh ár bPolasaí Bí Cineálta ar dul i ngleic agus cosc a chur le hIompraíocht Bhulaiocht ar fáil ar ár suiomh Ghreasáin go luath. Iarrtar oraibh Suirbhé na dTuistí a chuaigh amach chugaibh tríd ríomhphost níos luaithe a líonadh agus a sheoladh ar ais le bhur dtoil.


*Our Bí Cineálta Policy - Procedures to Prevent and Address Bullying Behaviour can be found on our School Website shortly. Anyone yet wishing to complete the Parent Survey, previously emailed to you, are asked to do so please.*

## Feithlí Linbh/Childminders:

**MÁ TÁ SUIM AG AON TUISMITHEOIR AIRE A THABHAIRT DO PHAISTÍ, GLAOIGH AR AN OIFIG AGUS TABHAIR D'UIMHIR DO KATHLEEN/ANTOINETTE.**

*IF **YOU ARE AVAILABLE** TO **CHILDMIND/PICK UP** CHILDREN FROM NAÍONRA OR SCHOOL PLEASE GIVE YOUR CONTACT DETAILS TO KATHLEEN/ANTOINETTE IN SCHOOL OFFICE.*



## <u>Laethanta Saoire/School Holidays</u>

Beidh an scoil ag dúnadh i gcomhair laethanta saoire an tsamhraidh ar an g**Céadaoin 25ú Meitheamh**. Osclófar an scoil arís ar an ***<u>Déardaoin 28ú Lúnasa 2025.</u>*** Tá saoire iontach tuillte ag chuile dhuine idir páistí, tuismitheoirí agus an fhoireann scoile as ucht an bhliain atá curtha isteach agaibh. Molaim go h-árd na spéire sibh as ucht bhur gcuid oibre agus bhur gcuid tacaíochta dá chéile agus don scoil.

**Rachaidh na ranganna seo leanas abhaile ag na hamanta seo leanas ar lá na laethanta saoire, 25ú Meitheamh:**

- **Ranganna a théann abhaile de ghnáth ag 1.15 & 2.15, rachaidh siad abhaile ag 11:50**
- **Ranganna a théann abhaile de ghnáth ag 1.20 & 2.20, rachaidh siad abhaile ag 12:00 meánlae**

*The school will close for the summer holidays on **Wednesday 25th June**. School will re-open again on **<u>Thursday, August 28th 2025.</u>** Children, Parents & Staff deserve the best summer holiday this year. You have all worked so hard during this school year. I salute you all for your diligence, your work and your support to each other and the school. I hope the sun shines for you all this summer!*
***On the day of the summer holidays, 25th June, children will go home at the following times:***

- ***Children who normally go home at 1.15 & 2.15 will go home at 11:50 am***
- ***Children who normally go home at 1.20 & 2.20 will go home at 12 midday***









## <u>CULAITH SCOILE/UNIFORM</u>:

**Boys:**
**Purple Jumper with school crest**
**Tartan Tie**
**Grey Trevira Trousers**
**White Shirt**
**Navy Socks**
**School shorts**

**Girls:**
**Purple Cardigan with school crest**
**Tartan pinafore & matching tie**
**White Shirt**
**Navy Tights/Sock**
**School shorts**

Má tá aon duine ag iarraidh culaith scoile nua is féidir é a fháil i siopa an National Schoolwear Centre, Liosbán Retail Centre, Br. Thuama. Cuir isteach d'ordú chomh luath agus is féidir. Beidh culaith spóirt le caitheamh ag gach páiste ó Naíonáin Bheaga suas. Tá sé le fáil sa National Schoolwear Centre. Caitheann Naíonáin Bheaga agus Naíonáín Mhóra culaith spóirt amháin. Is culaith spóirt corcra le T-léine Polo corcra atá sa chulaith spóirt. **IS TRACKSUIT DUBH GHORM GAN LOGOS GAN LÍNTE, GAN SCRÍOBH É TRACKSUIT NA SCOILE AGUS TÁ SÉ LE FÁIL SA NATIONAL SCHOOL CENTRE**. <u>NÍL CEAD 'LEGGINGS 'A CHAITHEAMH</u>. **Beidh páistí Rang 1 ag caitheamh an culaith iomlán scoile I Meán Fómhair agus an culaith spóirt ar laethanta corpoideachais. <u>Moltar do pháistí bróga leathar dubha a chaitheamh agus bróga reatha a bheith orthu ar laethanta spóirt.</u> Tugtar faoi deara go bhfuil roinnt páistí nach bhfuil ag cloí leis an bpolasaí scoile maidir leis an gculaith scoile. Iarrtar ar thuismitheoirí a chinntiú go bhfuil an culaith scoile ceart ar fáil do phaistí & broga ceart i gcóir urláir scoile, culaith spóirt ceart scoile & rl. Ar laethanta grianmhara agus aimsir dheas <u>tá cead brístí ghearr dubhghorm, tá ceann scoile ar fáil le logo na scoile sa National Schoolwear centre.</u>**

*If anyone wishes to purchase a new uniform they may do so at National Schoolwear Centre, Liosbán Retail Centre, Tuam Rd. All children from Junior Infants upwards will wear a tracksuit for sport days. Junior and Senior Infants wear their school tracksuit as their school uniform. Children in First Class will start wearing the full school uniform for the first time in September and their tracksuit for schooldays. If you are purchasing a new uniform place your order for same as soon as possible. Our full uniform and tracksuit is only supplied by The National School Wear Centre, Liosbaun Estate. Remember that the tracksuit is an economy garment and should be worn only when required. <u>TRACKSUITS WITH LOGOS, LINES, BRANDNAMES, WRITING SUCH AS CANTERBERRY OF NEW ZEALAND ETC ARE NOT THE SCHOOL TRACKSUIT. PLEASE ADHERE TO THE PLAIN NAVY TRACKSUIT BOTTOMS</u>. **LEGGINGS ARE NOT PART OF OUR SCHOOL UNIFORM-THEY ARE NOT TO BE WORN INSTEAD OF A TRACKSUIT**. We would encourage children to wear black leather shoes with their uniform and runners on sports day (with tracksuits). It has been noticed that some children are consistently not adhering to the school's uniform policy. We ask parents to ensure that children have all the items available to them. The school have added school shorts to our uniform this year which has the school crest on it and can be purchased in the Schoolwear Centre.*

*Mór bhuíochas/Many Thanks.*

the Schoolwear Centre

***Tuairiscí Scoile/School Reports:***

Tá tuairisc scoile do na páistí fáighte agaibh ar Aladdin Connect faoin am seo. Muna bhfuair tú tuairisc scoile do pháiste cuir glaoch ar an oifig láithreach led' thoil.

*Your child's school report is visible on Aladdin Connect. If for any reason you have not received your child's report please contact the school immediately on 091 590152/ scoilma.ias@gmail.com.*



**Scrúdaithe Chaighdeánaithe Ranganna 1-5 / Standardised Test Results for 1st-5th Class pupils**

Seoladh abhaile sa phost torthaí scrúdaithe chaighdeánaithe páistí Ranganna 1-5 ag tús na seachtaine seo. Seol ríomhphost chuig an múinteoir ranga muna bhfaigheann tú iad.

Meabhraítear do thuistí nach bhfuil i dtástálacha caighdeánaithe ach gnéith amháin den fhaisnéis a ghabhann le dul chun cinn iomlán do pháiste. Ba cheart na torthaí a chumadh i gcomhthéacs níos leithne i gcónaí. Bailíonn an scoil faisnéis thábhachtach ó fhoinsí luachmhara éagsúla eile m.sh. gnáthbhreathnú, tascanna ranga / aonaracha, rannpháirtíocht ranga, tascanna / obair bhaile éagsúla, tascanna agus tástálacha deartha ag an múinteoir, tástálacha / tuarascálacha / aiseolas eile. Cuidíonn an fhaisnéis seo go léir linn pleanáil agus oibriú i dtreo foghlaim do pháiste a fheabhsú. Beidh an múinteoir ranga i dteagmháil leat roimh laethanta saoire an tSamhraidh má cheaptar go mbeadh gá le tuilleadh monatóireachta nó tacaíochta.

*The results of standardised tests administered in 1st-5th classes were sent in the post to parents this week. Please contact the class teacher by email if you don't receive same.*

*It is important to remember that standardised tests such as these form only one part of the 'jigsaw of information' about your child's overall progress. Results should always be framed in a broader context. The school gleans much important information from a variety of valuable sources e.g. routine observation, class/individual tasks, class participation, various assignments/homework, teacher-designed tasks and tests, other tests/reports/feedback. All of this information helps us to plan and work around optimising your child's learning. In the usual way, your child's teacher will be in touch before the summer holidays should a need for further monitoring or support be identified.*

**Ciste Forbartha / Development Fund**

Míle buíochas do na tuistí ar fad atá tar éis tacaíocht a thabhairt don chiste €250 go dáta. Tuigeann muid go maith nach bhfuil gach duine in ann cuidiú linn ag an am seo. Seo cúpla poinnte le nótail.

Is féidir an méid iomlán de €250 a thabhairt don scoil in aon íocaíocht amháin nó briste suas in iocaíochtaí níos lú idir seo agus an Nollag.

Is féidir tús a chur leis an ordú seasta aon mhí idir seo agus an Nollag msh, Má thosnaíonn tú i mí Iúil, is féidir 6 íocaíocht de €41.66 a dhéanamh thar 6 mí &rl.

Is féidir an airgid a íoc tríd an gcóras e-payments sa scoil más fearr leat é sin a dhéanamh seachas ordú seasta.

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an oifig má tá aon cheisteanna.

*Many thanks to everyone who has supported the fundraising drive so far. We really appreciate your support. We understand that some parents are not in a position to help us until the Autumn or some may not be able to commit on this occasion. All and any support is appreciated. A couple of points to note:*

*You may donate the €250 in one payment anytime between now and next December. You may donate smaller amounts at different intervals if it suits best. You may pay by direct debit, cheque, cash or through the school e-payments link. You can request the office to send you this link.*

*If you choose to pay by standing order, You may start your standing order any month you choose to do so between now and December. If you choose to commence in July, you'd be making 6 payments of €41.66 per month until December. If you choose to commence in August you'd be making 5 payments of €50 per month until December etc.*

*Please call the school office if you need any clarification or assistance.*




Comhgairdeas ó chroí le múinteoir Úna & Alan a phós Dé hAoine seo cáite. Guímid gach rath freisin ar mhúinteoir Áine & PJ a bhéas ag pósadh ar an 20ú Meitheamh.

Guímid gach rath agus sonas orthu beirt don todhchaí. Comhgháirdeas ó chroí leo.

*Congratulations to Múinteoir Úna & Alan who were married last Friday. Also wishing múinteoir Áine & PJ a special day on their wedding day on the 20th June. Congratulations to them & wishing them the very best for the future.*



## An Chéad Fhaoistin & An Chéad Chomaoineach

Comhghairdeas ó chroí le Páistí Rang 2 agus múinteoirí Bríd, Fergal, Karen & Christina. Chruthaigh siad dhá ócáid speisialta le deirneas le searmanas an Chéad Fhaoistin agus an Chéad Chomaoineach. Bhí an dá searmanas fíor speisialta agus smaoineoidh na páistí agus a gclainnte orthu ar feadh I bhfad. Míle buíochas leis na múinteoirí as ucht a gcuid oibre ar fad. Nar laga Dia sibh!
Buíochas ó chroí le múinteoirí na scoile as ucht an ceol álainn a chur ar fáil ar an lá.

*Congratulations to our Rang 2 children and their teachers Bríd, Fergal, Karen & Christina for the beautiful ceremonies they provided for the First Confession & First Communion days.*
*They were special ceremonies in many ways and the children's participation and inclusion was fantastic to witness. Children and families will remember these special days for many years. A massive thank you to Bríd, Fergal, Karen, Christina for their dedicated work.*
*Maith sibh ar fad!*





## An Coiste Glas

Buíochas mór do pháistí an Coiste Glas a chuir go leor obair isteach chun Seachtain na Rothar a reachtáil dúinn i mbliana. Ag líonadh suirbhéanna agus ag eagrú comórtais agus duaiseanna bhí seachtain thar a bheith gnóthach acu. Comhgharideas le rang a 6 Tighearnán, rang a 5 Eilís, rang a 4 Martina agus rang a 3 Lorna a rinne an iarracht is mó chun rothaíocht ar scoil, tá súil agam gur bhain sibh taitneamh as na cóisir píotsa! Agus maith sibh na páistí ar fad a mhaisigh a gcuid rothar bhí siad go hálainn ar fad! Bhí Raidio na Gaeltachta anseo ag labhairt linn faoi na himeachtaí ar fad. Is féidir éisteacht siar ar an gclár Iris Aniar ar an player 14ú Bealtaine ón 47ú nóiméad tá sé go hálainn an Ghaeilge breá a chloisteáil ó na gasúr bhí siad go hiontach. Tháinig an Meitheal Rothar chun cuí a chuir ar aon rothar a bhí briste. Tá muid réidh anois don Samhradh! Buíochas spéisialta do mhúinteoirí Fionnuala agus Neasa.

**Focail Buíochas/A Word of Thanks**

Agus muid ag druidim i dtreo deireadh na scoilbliana, is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le pobal uile na scoile as ucht bhur dtacaíocht agus bhur gcomhoibriú ar feadh na bliana. I dtosach báire, ba mhaith linne thar ceann an Bhord Bainistíochta buíochas ar leith a ghabháil leis na múinteoirí, leis na cúntoirí riachtanaisí speisialta agus ár gcúntóir teanga as ucht an suim, spéis agus am a thugann sibh don scoil lasmuigh agus laistigh den tseomra ranga, nár laga Dia sibh! Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don sár- obair ar fad a chur na múinteoirí isteach arís i mbliana. Mo cheol sibh! Buíochas freisin do na Stúrthóirí sa Naíonra agus Foireann na hIarscoile. Buíochas ó chroí le bainisteoir seirbhísí Naíonra agus Iarscoile**.** Chomh maith leis sin, is mian linne ár mbuíochas a ghabháil le Coiste na dTuismitheoirí as ucht a gcuid oibre don scoil. Cuireann siad go mór le h-imeachtaí agus tionscnaimh scoile. Táimid chomh buíoch do thuistí Rang 6 a chaith am ag tacú leis an scoil ar go leor bealaí le 8 mbliana anuas. Buíochas ollmhór do choiste Slán le Rang 6. Tá buíochas speisialta ag dul d'ár gCoiste Tráchta a choinníonn gach éinne sábháilte. Tá sibh iontach ag cuidiú linn gach maidin! Níl orainn a rá ach go bhfuil moladh mór tuillte ag an mBord Bainistíochta as ucht an obair fiúntach deonach atá ar siúl acu don scoil. Buíochas freisin do Peter, Emoke agus Vasile. Buíochas speisialta do Kathleen & Antoinette as ucht a gcuid oibre ar fad san oifig le linn na bliana. Ach go h-áirithe is mian linne ionchur na ngasúr ar fad a aithint agus a mholadh. Tá ard mholadh ag dul do ghasúir Rang 6 as ucht a gcuid co-oibriú, dearcaidh dearfaí agus spiorad i gcaitheamh a gcuid ama i nGaelscoil Mhic Amhlaigh. Guímid gach rath agus sonas orthu!

*As we approach the end of another school year, I would like to sincerely thank all the school community for your co-operation and support throughout the year. On behalf of the Board of Management, I would like to extend a sincere thank you to each of the teachers, the SNAs and our language assistant for their commitment, interest and time both inside and outside the classroom throughout the school year. I would especially like to acknowledge the commitment and support given by the staff to the school this year. Míle buíochas daoibh ar fad. Many thanks to the stiúrthóirí for their wonderful work in the Naíonra, to the after school service employees. We would also like to extend a huge thanks to the Parents' Association for their contribution to the school throughout the school year. A special thank you to our 6th class parents whose youngest children are leaving us for the fantastic support they have given to the school. Some of you worked tirelessly on the parent's association for years and on other school projects. Many thanks to our Slán le Rang 6 committee. A special thanks to our Traffic Committee who keep us all safe. You are a fantastic support to the school each morning. Your work is so appreciated! We must mention the important voluntary work that has been done by the Board of Management for which the school community is very grateful. A Special thank you to Peter, our school cleaners Emoke and Vasile. To Kathleen & Antoinette for all their hard work in the office during the year, Thank you! Lastly but by no means least, we want to thank all of the children for their joyful input to the pulse of Gaelscoil Mhic Amhlaigh! A special mention to Rang 6 who will be leaving us shortly- Your co-operation, positive attitudes and spirit will never be forgotten. We wish each of you the very best in your lives ahead.*



## **Sacar GMA 2025**

Bhí bliain den scoth ag foireann sacar na gcailíní i mbliana. D’éirigh leo Craobh na Gaillimhe agus Craobh Chonnachta a bhuachaint.  Ar an 11ú Meitheamh san Aviva d’imir na cailíní i gCraobh na hÉireann do scoileanna móra. Ar an lá bhuaigh siad dhá chluiche in aghaidh seaimpíní Uladh agus Laighean ach faraor fuair seaimpíní na Mumhan an ceann is fearr orthu. Chríochnaigh siad sa dara áit agus tá muid ar fad chomh bródúil astu agus an méid atá bainte amach acu i mbliana. Nar laga Dia sibh!!! Tháinig Rang 6 agus Rang 5 linn ar an lá chun tacaíocht a tabhairt dóibh. Bhí sár-lá ag gach duine agus tá muid fíor bhuíoch do na múinteoirí ar fad a tháinig linn ar an lá. Buíochas ó chroí le Fergal & Saoirse as ucht gach a dhéanann sibh don chomórtas seo.

*This year our $6^{th}$ class girl’s soccer team had an amazing year. The girls finished the year as Galway and Connacht champions in the large school’s category.  On the $11^{th}$ June the girls played in the All-Ireland finals in the Aviva Stadium in Dublin. They had excellent victories against both the Ulster and Leinster Champions but unfortunately came up short against a very strong Munster Team. The girls finished as runners up and received silver medals. We are all so proud of the girl’s fantastic achievements this year. They have been brilliant ambassadors for the school.  $5^{th}$ and $6^{th}$ class all travelled to Dublin on the day to support the team and everyone had an excellent day out. A huge thanks to all the teachers who travelled on the day. A massive thank you to Fergal and Saoirse for their dedication to promoting soccer amongst the children.*









## Turas scoile Rang a 1

Chuaigh Rang a 1 go dtí Ionad Oidhreachta agus Caisleán Bhaile Átha Rí ar an Déardaoin 05/06/2025. Chuaigh muid go dtí an caisleán agus ghléas muid suas in éadaí meánaoiseacha. Bhí an-spraoi againn.

*Rang a 1 went to Athenry Heritage Centre and Castle on their school tour. The children had a wonderful day exploring the castle, dressing up in medieval costumes, playing archery and running in the maze.*









## Féile Scoildrámaíochta

Míle buíochas le Angelica Uí Thnúthail agus Helena Uí Chuileannáin a chuaigh suas go Baile Átha Claith le Holly agus Sophia chun freastal ar bhronnadh na nduais i gcomhair an Féile Scoil Drámaíochta. Comhghairdeas mór le páistí rang Fionnuala a bhuaigh corn Genesis don dráma Aladdin. Bhronn iarr aire Eamon O Cuív an corn ar Holly agus Sophia. Comhgairdeas & buíochas ó chroí le Fionnuala, Deirdre, Mary as ucht gach a ndearna siad don drámaíocht leis an rang.

**Turas Scoile Rang 3**

Chuaigh Rang 3 ar a dturas scoile ar an 5ú Meitheamh. Chuaigh siad chuig Teach Chathair na Mart. Bhí lá an-speisialta acu ag imirt galf na gCos, ag dreapadh, bhí siad ar an bpáirc eangaí is mó sa tír, ar thraein agus chuaigh siad timpeall an tí. Thug an bháisteach cead scíthe dúinn agus bhí lá den scoth ag gach duine! Buíochas ó chroí leis na tuismitheoirí a tháinig linn!







**Teacher Artist Partnership Project**

Ghlac Naíonáin Bheaga Úna agus Rang 1 Michelle páirt sa togra Teacher Artist Partnership i mbliana. Bhí 6 seisiún ealaíne leis an ealaíontóir Bernie Joyce. Rinne siad go leor priontáil, péinteáil, cruthú le fabraic agus snáithín léi. Bhain siad an-taitneamh as agus chruthaigh siad rudaí áille!

*Naíonáin Bheaga Úna and Rang 1 Michelle took part in the Teacher Artist Partnership Project this year. They had 6 sessions each with local artist Bernie Joyce. They did lots of printing, painting, creating with fabric and fibre with her. They thoroughly enjoyed it and created some beautiful artwork!*

**Ceardlann Scríbhneoireachta Rang 5/ Writing Workshops for Rang 5**

Bhí ceardlann scríbhneoireachta ag Rang 5 le iar-Laureate na nÓg, Áine Ní Ghlinn thar dhá lá. Rinne siad seisiún caint agus plé ar dtús agus ansin bhí seisiún cumadóireachta acu. Is cinnte go bhfuil scríbhneoirí an todhchaí inár measc!

*The three Rang 5 took part in writing workshops with previous Laureate na nÓg, Áine Ní Ghlinn, over two days. They started with talk and discussion sessions and then got to creating and composing their own stories. We certainly have some fantastic writers among us!*











**<u>Turas Scoile Naíonáin Mhóra</u>**

Bhí turas taitneamhach ag na Naíonáin Mhóra.Chaith siad lá ag páirc feirme Turoe. Bhí an-lá ag na páistí agus chonaic siad go leor ainmhithe éagsúla agus d'fhoghlaim siad go leor rudaí nua. Bhí an spraoi acu ar an gcaisleán freisin. Maith sibh a pháistí.

*The Senior Infants had an enjoyable trip. They spent the day at Turoe Pet Farm. The children had a great day and saw many different animals and learned lots of new things. They also had fun on the bouncy castle.*

*Múinteoir Fiach,Órnaith,Barbara,Laoise*

**<u>An Coiste Garraíodóireacht</u>**

Tá gairdín na scoile ag breathnú go hálainn. Tá an coiste garraíodóireacht tar éis go leor am a



chaitheamh le roinnt seachtainí anuas ag plandáil agus tabhairt aire de na glasraí atá ag fás ann. Tá

fataí, turnapaí, cairéid, pónairí, oiniún, raidisí, sútha talún agus fiú lus na gréine ag fás ann!



**<u>LEGO League i Rang 3</u>**

Bhí tionscnamh an-spraoiúil agus suimiúil á dhéanamh ag Rang 3 le cúpla mí anuas le LEGO. An téama a bhí ann ná 'Tumtha faoin Uisce'. Bhí ar na páistí LEGO a úsáid chun fadhb a réiteach faoin uisce. An fhadhb a bhí muid ag foghlaim faoi ná méid an bhruscair faoin uisce. Dhearaigh na páistí meaisín éagsúla chun an bruscair a bhaint amach. D'úsáid siad mótar agus códáil chun na hinnill éagsúla a chur ag bogadh. Bhain siad an-sult as agus d'fhoghlaim siad go leor. Bhí múinteoirí Bláthnaid, Rachel agus Lorna an-sásta leis an obair a rinne siad.

Chuaigh seisear as Rang 3 go dtí Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh agus chuir siad an obair a rinne muid ar scoil ar taispeántas. Bhí na scoileanna eile an-tógtha lenár gcuid oibre. Fuair na páistí deis innealltóirí a fheiceáil i mbun oibre freisin. Bhí lá den scoth acu!





**Follow the SunSmart 5 S's to reduce your risk of skin cancer**

- **Slip** on clothing that covers your skin
- **Slop** on sunscreen on exposed areas using factor 30+ for adults and 50+ for children
- **Slap** on a wide-brimmed hat
- **Seek** shade – especially if outdoors between 11am and 3pm
- **Slide** on sunglasses

Do not deliberately try to get a suntan. Avoid getting a sunburn. Never use a sunbed.

**Be SunSmart**
www.hse.ie/sunsmart





Comhgairdeas le Sam agus a cháirde.

*Sam Mc Laughlin 4th class and his school friends at the Connacht hotel, receiving their award for winning their Lego league in the regional tournament*

Ghlac Darragh O'Ceallaigh, Patrick de Búrca agus Killian Ó Cinnéide páirt I Acadamh na hÓige I mbliana.

*Darragh Ó Ceallaigh, Patrick de Búrca & Killian Ó Cinnéide, participited in the University of Galway Youth Academy this year. Comhgairdeas ó chroí leo.*





**Scríobh Leabhair**

Niamh Ní Ghallchóir ó Rang 3 Bláthnáid ag searmanas bronnta ag Ionad Tacaíochta Oideachas na Gaillimhe I mí Bealtaine.

Olivia De Búrca- 2ú áit Rás Fada le City Sports



## ***Cumann na mBunscoil***

Tá éacht déanta ag buachaillí Ghaelscoil Mhic Amhlaigh!
Tá Cumann na mBunscoil buaite acu don dara bliain as a chéile – éacht ollmhór!
Bhí an bua acu in aghaidh Briarhill, le scór: 4-8 go 1-10.
Maith sibh, a bhuachaillí! Táimid uilig fíorbhródúil asaibh.
Buíochas ó chroí le Fiach, Martina & na tuismitheoirí ar fad a dhéanann traenáil gach seachtain leo.

Mol an óige agus tiocfaidh sí!

*The boys of Gaelscoil Mhic Amhlaigh have achieved a great feat!*
*They have won the Cumann na mBunscoil for the second year in a row – a huge achievement!*
*They claimed victory against Briarhill, with a score of 4-8 to 1-10.*

*A huge thanks to Fiach, Martina and all the parents who train with the children every week.*

*Well done, boys! We are all truly proud of you.*






Mile buíochas do na daoine ar fad a chuidigh linn leis an Iománaíocht & Camógaíocht i mbliana idir múinteoirí, tuismitheoirí agus clubanna. Cuireadh traenáil rialta ar fáil gach seachtain agus deiseanna páirt a ghlacadh i mbliotsanna agus cluichí idir scoileanna. Buíochas le Múinteoirí Fiach, Laoise, Martina, Saoirse agus Ciarán agus le Shane De Búrca, Andrew Ó Catháin agus Enda. Ár mbuíochas freisin le Lucy Sexton, Oifigeach Forbartha Cluichí ó Chlub Rathúin a rinne sár obair le blais an chluiche iontach seo a thabhairt do pháistí GMA.Tá muid ag tnúth le leanacht orainn an bhliain seo chugainn

*A huge thank you to all who helped promote Hurling & Camogie in our school this year, teachers, parents and clubs. The children had regular training throughout the year which aided in no end to their successes on the playing field this year. They participated in many blitzes and inter school matches. Thank you to Múinteoirí Fiach, Laoise, Martina, Saoirse and Ciarán and in particular to parents Shane De Búrca, Andrew Ó Catháin and Enda who ensured the children had regular training throughout the whole year. Thank you also to Lucy Sexton, Games Development Officer with Rahoon Club who gave a taster of this wonderful game to many children here in GMA this year. Looking forward to taking up where we left off next year.*

# ETIM / STEM

**Códú le Brendan Smith**

Buíochas ó chroí le Brendan Smith a rinne cúpla seisiún iontach Códú le Ranganna 5 agus 6 ag úsáid Scratch. Rinne sé an-obair go deo leo agus bhain siad an-tairbhe agus taitneamh as.

*Sincere thanks to Brendan Smith from NUIG who conducted three coding session with each of the 5th and 6th classes. We greatly appreciate his generosity with his time. The children really enjoyed these sessions.*



I Rang Olivia rinne siad go leor oibre le Lego Prime – ag nascadh teicneolaíocht le L ego chun mótair a dhéanamh.







Rinne Rang a 5 Eilís roinnt mhaith oibre le Lego Prime, Drawbots agus Scribblebots rud a thaitin go mór leis na gasúir



I Rang a 5 Ciarán bhíodar ag déanamh droichid as Knex.

# Teicneolaíocht

Bhronn Comhairle Cathrach na Gaillimhe cúig ríomhaire athchóirithe ar an scoil le déanaí. Is ríomhairí iontacha iad agus bainfidh na ranganna éagsúla an-tairbhe agus taitneamh as iad a úsáid. Míle buíochas do Fergal Cushen ó Chomhairle Contae na Gaillimhe as ucht iad seo a eagrú dúinn.

Fuaireamar amach le déanaí gur éirigh leis an scoil ríomhairí athchóirithe a fháil ó Medtronic chomh maith. Beidh siad ag teacht chuig na scoile an tseachtain seo chugainn chun iad a bhronnadh orainn. Táimíd an-bhuíoch do Michelle Coyne agus tuismitheoirí agus cairde eile na scoile a d'ainmnigh GMA chun na ríomhairí a fháil. Buíochas ó chroí freisin le Medtronic atá an-ghníomhach ag tacú le scoileanna sa tslí seo. Is scéim iontach é. Cuireann an trealamh seo go mór le foghlaim agus forbairt na bpáistí sa teicneolaíocht.

*Galway City Council donated five refurbished computers to the school recently. They are of high quality and various classes will enjoy and benefit from using these machines in the classroom. Sincere thanks to Fergal Cushen from the City Council for organising these for us.*

*We were recently informed that the school has also been successful in obtaining refurbished computers from Medtronic. They will be coming to the school next week to present them to us. We are very grateful to Michelle Coyne and other parents and friends of the school who nominated GMA to receive the computers. Sincere thanks also to Medtronic who are very active in supporting schools in this way. It is a great scheme. This equipment greatly enhances the children's learning and development in technology. Míle buíochas daoibh ar fad.*



***Fergal Cushen agus Dave Ryan ó Comhairle Cathrach na Gaillimh ag bronnadh na ríomhairí athchóirithe ar Cillian ó Rang a 6 agus Múinteoir Fiachra le déanaí.***

## Liathróid Láimhe Oilimpeach

Comhghairdeas le buachaillí agus cailíní Rang a 5 a tháinig sa dara háit sa chontae i gComórtas Liathróid Láimhe Oilimpeacha d'fhoireann measctha i Mí Márta. D'imir siad go hiontach ar an lá agus táimíd an-bhródúil astu. Míle buíochas do Mhúinteoir Ciarán a rinne an-obair leis an trí Rang a 5 le liathróid láimhe i mbliana.

Ghlac breis is 100 páiste páirt i gcomórtais liathróid láimhe Oilimpeach i mbliana idir Rang 4, 5, agus 6 agus is iontach an taithí é dóibh. Buíochas ó chroí le Múinteoirí Fiach, Rachel agus Ciarán a thug an-tacaíocht leis an spórt iontach seo.



*Congratulations to the boys and girls from Rang a 5 who were runners up in the Olympic Handball county final for mixed teams in March. They played brilliantly on the day and we are very proud of them. Many thanks to Múinteoir Ciarán who put in a lot of work with the three Rang a 5 in Olympic handball this year.*

*Over 100 children took part in the Olympic handball competitions this year between Rang 4, 5, and 6 and it was a great experience for them. A big thank you to Múinteoirí Fiach, Rachel and Ciarán for their help in coaching in this wonderful sport.*

# Clár Teilifíse ag comóradh 30 Bliain na Scoile

Mar chuid de chomóradh bunú Gaelscoil Mhic Amhlaigh breis is 30 bliain ó shin, tá an scoil ag cur clár teilifíse le chéile ag clárú an stair éagsúil a bhaineann lenár scoil.  Bunaíodh an scoil i 1993 agus is iomaí constaic a cuireadh os comhair na bunaitheoirí d'ainneoin an fís a bhí acu go mbeadh an chéad scoil i gCnoc na Cathrach ag ofráil scolaíocht go huile agus go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Tá roinnt de na bunaitheoirí fós lárnach i saol na scoile le Dairíona agus Seán Ó Leidhinn ina measc!  Tá an t-uafás bainte amach ag pobal na scoile thar na blianta chun an foirgneamh álainn seo ina bhfuilimid anois, chomh maith le hÁras Mhic Amhlaigh, a bhaint amach agus is fiú an scéal seo a insint.

Bhí an léiritheoir/stiúrthóir, John Kelly agus a chomhghleacaí, Grace, ó Clap n' Load Studios, ar an suíomh ar an Luan agus Máirt seo caite chun roinnt físeán a dhéanamh de na gníomhaíochtaí éagsúla a bhíonn ar siúl sa scoil.   Bhí na páistí ar fad thar barr agus taithí mhaith a bhí ann dóibh.  Buíochas ó chroí leis na múinteoirí a réitigh na páistí don taifeadadh gan mórán foláireamh.  Buíochas speisialta lenár n-iarscoláirí iontacha, Cillian agus Sarah, a thug an-chúnamh do John agus Grace agus iad anseo agus do choiste 30 Bliain na Scoile as ucht a dtacaíocht.  Tá go leor ar siúl sa chúlra chun an tionscnamh seo a chur i gcríoch agus táimíd ag tnúth go mór leis an toradh deiridh.



*As part of the anniversary of the establishment of Gaelscoil Mhic Amhlaigh over 30 years ago, the school is putting together a television programme documenting the varied history of our school. The school was established in 1993 and the founders faced many obstacles, despite their vision that the first school in Knocknacarra would offer education entirely through the medium of Irish. Some of the founders are still central to the life of the school, including Dairíona and Seán Ó Leidhinn, and until recently our esteemed colleague, Gearóidín Nic Thomáis! The school community has achieved a great deal over the years to achieve this beautiful building we are in now, as well as Áras Mhic Amhlaigh and this story is worth telling.*

*The producer/director of the programm, John Kelly and his colleague, Grace from Clap n' Load Studios, were on site last Monday and Tuesday to film some clips of the various activities that take place in the school. All the children were brilliant and it was a great experience for them. A big thank you to the teachers who prepared the children for the recording at very short notice. A special thank you to our wonderful former pupils, Cillian and Sarah, who helped John and Grace a lot while they were here and to the 30th Anniversary committee for their support. There is a lot going on behind the scenes to bring this project to fruition and we are very much looking forward to the final result.*

## City Sports/Sport na Cathrach

Ghlac lúthchleasaithe na scoile páirt san 'City Sports' a bhí ar siúl i nDangan ar an Mháirt 20ú Bealtaine. Bhí paistí ó Rang 2 suas go Rang 6 ag rith sna rásaí difriúla. Ghlac an scoil páirt sna Sprints, Relay agus Rás Fada. Rinne an scoil go h-iontach agus bhí an-lá ag na gasúir. Tá ard-mholadh ag dul dóibh as an iarracht ar fad a rinne siad ar an lá. Comhghairdeas libh! Buíochas mhór d'Aonghus & Fiachra as ucht a gcuid oibre ar fad leo agus do na tuistí as ucht a dtacaíocht ar an lá.

*The school's athletes participated in the City Sports that were held in Dangan on Tuesday 20th May. Children from 2nd class up to 6th class ran in the different events. They took part in the Sprints, Relay, and Long Distance races. The school did extremely well and the children had a most enjoyable day. All children who participated deserve great credit for their efforts on the day. Many thanks to the parents who came to support on the day and to Aonghus & Fiachra for their work with the children.*

***Congratulations to those who won medals.***

**U 11**- Eoghan Ó Siorain- 3ú áit Sprint

**U 9-** Lexie Ní Annagáin – 3ú áit Sprint
**U 9-** Iarlaith De Búrca- 2ú áit Rás Fada
**U 9-** Olivia De Búrca- 2ú áit Rás Fada

**U -9** Relay 1ú áit-
Rian Mac Diarmada
Conor Mac Diarmada
Beau Ó Dufaigh
Michael Ó Moráin Mac an Bháird

## Peil/Football

Bhí bliain iontach ag peileadóirí Gaelscoil Mhic Amhlaigh. Ghlac foireann na mbuachaillí páirt i Roinn A. Bhí ceithre chluiche acu in aghaidh Maree, GS de hÍde, Rosscahill agus Maigh Cuilinn. Tar éis an ceithre chluiche a bhuachaint déirigh leo dul go dtí cluiche ceannais an chondae in aghaidh Loughrea. Ghlac siad páirt freisin i mbliots Scoileanna Gaeltachta i bPáirc na mBreathnaigh. D'éirigh thar cionn leo agus bhí lá iontach acu. Dimir na cailíní i Roinn A áit ar imir said in aghaidh Moycullen, Cummer, Corrandulla agus Lackagh. Cé gur imir siad thar cionn níor éirigh leo theacht amach as ngrúpa. Dimir na cailíní sa mbliots Scoileanna Gaeltachta freisin. Rinne said thar cionn ar fad. Buíochas do Chiarán agus Eilís as na foirne a réiteach ar an lá. Tá moladh ag dul do gach páiste a rinne sár thraenáil gach Céadaoin. Míle buíochas do Joe agus Aonghus as ucht a gcuid ama ag traenáil agus ag dul leo chuig cluichí i rith na bliana.

*The boys football team played 4 matches in division A. They played Maree, GS de hÍde, Rosscahill and Moycullen. After winning all 4 games the team qualified for the county final against Loughrea. They also took part in the Scoileannna Gaeltachta blitz which took place in Páirc na mBreathnaigh.They played excellently and had a great day. The girls played in Roinn A and had games against Moycullen, Cummer, Corrandulla and Lackagh. Despite playing some excellent football they didn't manage to qualify from their group.*
*The girls' team participated in the Scoileanna Gaeltachta blitz also and had a great day in Indreabhán. A big thank you to Ciarán and Eilís for looking after the teams on the day. All children who participated in training each Wednesday deserve great credit. A big thank you to Joe and Aonghus for all their hard work during the year between training and attending matches. A special thank you to the local football clubs St. Michaels and Salthill Knocknacarra for providing coaches to the school throughout the year.*

BÍODH SAMHRADH DEAS, SONA

AGUS SÁBHÁILTE AGAIBH AR FAD IDIR

FOIREANN, TUISMITHEOIRÍ AGUS

PÁISTÍ!

WISHING YOU ALL, STAFF, PARENTS AND CHILDREN AN ENJOYABLE AND SAFE SUMMER!

Bainigí taithneamh as!

Is mise le mór mheas & le mór bhuíochas,

*Dairíona*

Príomhoide
Gaelscoil Mhic Amhlaigh

